# Sonraí Cláir atá imithe go Conradh i **2025**

| **Teideal** | **Comhlacht** | **Líon & Fad** | **Seánra** | **Sonraí** |
|---|---|---|---|---|
| Cartlann Christy | Taisce Cheol Dúchais Éireann (ITMA) | 1 X 75' | Faisnéis Ceol | Mór laoch na n-amhrán, Christy Moore ar bhóithrín na smaointe agus é ag bronnadh cartlann iomlán a shaothair ar Thaisce Cheol Dúchais Éireann. Scéalta agus amhráin ó Christy, maraon le mór amhránaithe an lae inniu, Radie Peat, JJ Ó Dochartaigh agus go leor eile. |
| CUAS i Lorient | Aniar | 1 X 50' | Ceol | Ceolchoirm ag an mbanna óg as Corca Dhuibhne, CUAS, ag féile idirnáisiúnta idir Cheilteach Lorient 2025. |
| Fadó Fadó | Adare Productions | 4 X 25' | Siamsaíocht | Ag féachaint siar ar sheanfhógraí siamsúla teilifíse na hÉireann. An-bharúil agus cuireann sé daoine ag smaoineamh ar na ráitis a bhí muid sásta glacadh leo ag an am. Déanta ar stíl Gogglebox ina bhfuil aíonna ag tabhairt a dtuairimí ar an méid atá siad ag amharc air. |
| An Fheadóg Mhór & An Fhíf | Taisce Cheol Dúchais Éireann (ITMA) | 1 X 50' | Faisnéis Ceoil | Scéal na Feadóige Móire & an Fhíf mar shampla don saol agus ceol comhroinnte thuadh, theas in Éirinn. Léiriú an chlár seo mar chuid do thionscal 'An t-Oileán Comhroinnte' le rialtas na hÉireann. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cill Stuiffín | Kev L Films | 1 X 52' | Faisnéis | Sa scannán seo Cill Stuifín, nochtar mistéir faoi bhaile beag Éireannach, ina dtugtar an béaloideas, an eolaíocht agus an surfáil le chéile. Fiosraítear cumhacht na farraige sa scannán - ina fórsa seasta a thagann ón nádúr agus ina foinse leighis a théann i gcion go mór ar an intinn agus ar an anam. |
| Gníomhaí | Farran Films | 1 X 50' | Faisnéis | Clár faisnéise údarach leis an gceoltóir agus gníomhaí Oisín Mac, ar aistear ag déanamh iniúchadh ar síol, spreagadh agus scéal gníomhaíochas na nGael. |
| Mná na Léinte Gorma | Bo Media | 1 X 50' | Faisnéis | Clár faisnéise a insíonn scéal ceilte agus suaiteach na Léinte Gorma - mná Éireannach a chuaigh, sna 30idí, isteach i ngluaiseacht náisiúnach a raibh nascanna proto-fhaisisteacha aici, ag cur dúshláin roimh an gcaoi a dtuigimid ról na mban san fhoircneas polatiúil, an uair sin agus an lá atá inniu ann. |
| Síorstíl 2 | Fíbín | 7 X 30' | Siamsaíocht F35 | Sa dara sraith, glacann sé dearthóirí cruthaitheacha le dúshláin nua i bhfaisin inbhuanaithe, ag tabhairt saol úr do éadaí athláimhe agus ábhair athchúrsáilte chun stíleanna nua-aimseartha Éireannacha a chruthú. |
| Gene Kelly - Damhsóir Dhoire | Dearg Films | 1 X 50' | Faisnéis | Clár faisnéise siamsúil a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar ghairm an aisteora agus damhsóra Gene Kelly. |

TG4

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| George Best i Corcaigh | Dearg Films | 1 X 50' | Faisnéis | Clár faisnéise faoin tréimhse a chaith George Best ag imirt do Cork Celtic. |
| Planda go Pláta 2 | LMDOC | 9 X 24' | Siamsaíocht | An saol veigeánach. Sraith ina réiteoidh cócaire baile Rebecca Uí Chonaola agus chef Niall Ó Conchúir roinnt béilí sláintiúla de chuid an chef veigeánach Tony Keogh, bunaithe ar phlandaí orgánacha agus séasúracha. |
| An Drámaíocht Ársa | Phoenix Films | 4 X 24' | Siamsaíocht | Plé domhain a dhíríonn ar chroílár na drámaíochta i bpobail Ghaeltachta na hÉireann, áit a bhfuil grá i gcónaí don amharclannaíocht in ainneoin chora an tsaoil nua-aimseartha. |
| Railí Dhún na nGall - Ar chúl an Roth | Ligid TV Productions | 4 X 30' | Siamsaíocht | Cuirtear ceann de na rásaí is deacra ar domhan, Railí Idirnáisiúnta Dhún na nGall, ar súil ar bhóithre an chontae gach samhradh. Insítear scéalta na ndaoine a bhíonn páirteach sa railí sa chlár seo, idir na tiománaithe, comhthiománaithe, meicneoirí, oibrithe sábháilteachta, muintir na dtiománaithe agus an pobal i gcoitinne. |
| Trína Súile | Comorant Films | 20 X 4' | Neamh líneach/Foghlaim | Tugann Tríne Súile Léargas ar scéalta mban Éireannach a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an tsochaí ach a ndearnadh dearmad orthu sa stair. |
| Gaeil an Fhásaigh | Danú Media Teoranta | 6 X 30' | F35 | Iris sraith seachtainiúil, a thabharfaidh an lucht féachana faoin dturas draíochtúil seo le Caroline Seoighe agus iad ag foghlaim faoin saol nua atá á chruthú ag na nGaeil agus na hÉireannaigh sa UAE. Feicfidh siad cad é mar a mhaireann siad agus na deiseanna atá oscailte dóibh agus cé chomh beo bríomhar is atá an Ghaeilge, an CLG |

TG4

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | agus an cultúr Gaelach i gcroílár na ndumhacha gainimh. |
| Éire Eile 2 | Black Gate Productions / Trá Gheall Ltd | 6 X 25' | Faisnéis Faoi 35 | Sraith nua ÉIRE EILE ina bhfiosrófar fochultúr na hÉireann agus pobail atá faoi ghannionadaíocht; in Éirinn agus i bhfad i gcéin. Á chur i láthair ag Cóilí Collins *aka* DJ Shampain. |
| Mary From Dungloe 2025 | Gael Media | 1 X 120' | Siamsaíocht | Clár beo speisialta á chur i láthair ag Daniel O'Donnell le 'Máire an Chlocháin Léith 2025' a roghnú. sruth beo ar seinnteoir TG4 a tharraing LF 29,000 ar an oíche agus níos mó ar VOD an tseachtain dar gcionn. |
| Gaeilge sa Rithim | Léiriú Súgradh Teo | 4 x 5' | Oideachas | Ceithre fhíseán ceoil agus Bileog Eolais le léiriú le daltaí ó scoileanna DEIS i dtuaisceart Chathair Chorcaí, chun tacú le foghlaim sa seomra ranga - Cruthaigh an Ceol. Scríobh an Focal. Labhair an Teanga! |
| Slé anois go cúramach | Macalla Teoranta | 10 X 24' | Déagóirí 12-15 bliana d’aois & Foghlaim | Seó cluichí oideachasúil dinimiciúil siamsúil is ea “SLÉ AOIS GO CÚRAMACH” atá deartha le cabhrú le foghlaim na Gaeilge ar bhealach tarraingteach agus idirghníomhach, a mheallann daoine óga chomh maith le lucht féachana níos leithne. |
| Viva Ceol Tíre | Bracken Entertainment | 12 X 30' | Ceol Tíre | Sraith ceoil tíre á chur i láthair ag Jo Ní Chéide. Taispeánfar roinnt físeáin cheoil a taifeadadh anseo in Éirinn. |

TG4

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Amhráin do mo Mháthair | South Wind Blows Limited | 1 X 50' | Faisnéis Ceoil | Scannán Faisnéise ceoil i gcuimhne a máthair atá sa scéal pearsanta seo ag an amhránaí Pauline Scanlon. Tugtar scéal beatha mháthair Phauline a bhí faoi cheilt go dtí seo chun beatha tri shraith amhráin agus scéalta ina onóir. |
| Ag Dul Siar | Power Pictures | 4 X 25' | Ceol | Sraith cheoil ó fhéile Tíre Mheiriceá agus Bluegrass Chathair na Mart á chur i láthair ag Enda Scahill. Togha an cheoil ó Éire agus ó Mheiriceá. |
| Geantraí Sraith 20 | Hedgerow Films | 14 X 25' | Ceol | Leantar le sraith cheoil thraidisiúnta TG4 ó thithe tábhairne ar fud na hÉireann le togha an cheoil, na hamhránaíochta agus an rince. Beidh cláracha speisialta uair a chloig le craoladh um Nollag agus Lá le Pádraig maraon le ceiliúradh 30 bliain ó taifeadadh an chéad chlár den sraith. |
| Seal le Sailí | Fíbín Media | 8 X 13' | Siamsaíocht Réamhscoile | Sraith álainn teilifíse agus eispéireas féachana ar leith do leanaí réamhscoile agus a dtuismitheoirí ina thabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gníomhachtaí simplí céadfacha, amhráin a chanadh agus éisteacht le scéalta beaga. |
| Costa Del Ceol Tíre | Bracken Entertainment | 1 X 60' | Ceol Tíre | Ceoil Tíre thar lear i gCadiz, na Spáinne. Turas le daoine as Éirinn ag leanúint a laochra ceol tíre chuig teas na Spáinne. |
| Beo ón Electric Picnic | 84 Productions | 1 X 120' | Faoi 35 Ócáidí Beo | Craoladh speisialta ón gCollchoill agus ón bPuball Gaeilge ag Electric Picnic. Á chur i láthair ag Síomha Ní Ruairc and John Sharpson. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Curfá sraith 2 | Tyrone Productions | 8 X 50' | Siamsaíocht | Táimid ar ais leis an dara sraith de *Curfá* – sraith siamsaíochta, croíúil agus iomaíoch, áit a léiríonn cóir ó gach cearn den tír a gcuid tallainne ar stáitse os comhair na moltóirí agus iad sa tóir ar an gcóir is fearr in Éirinn. |
| Buille sraith 2 | Tyrone Productions | 6 X 50' | Ceol/Siamsaíocht F35 | Sraith cheoil nua-aimseartha, dírithe ar lucht féachana faoi bhun 35, taifeadta i gCypress Avenue i gcroílár Chorcaí. |
| An Deis (Y Dice) | Tyrone Productions | 10 x 25' | Siamsaíocht | Formáid úrnua tráth na gceist ina measctar scil, straitéis agus eolas ghinearálta maith sa chluiche stiúideo teaghlaigh tarraingteach seo ag teacht go TG4 Earrach 2026. |
| Fonn Spóirt | Fíbín Media | 26 x 10' | Siamsaíocht páistí | Sraith Spóirt do dhaoine óga. Tar linn timpeall na tíre lenár láithreoirí óga, ag foghlaim scileanna nua spóirt ó dhaoine óga eile a bhfuil grá agus paisean acu don spórt.<br>Díríonn gach eipeasóid ar spórt nua, faigheann na láithreoirí nodanna óna gcóitseálaithe óga agus glacann siad páirt i gcleachtaí agus i ndúshláin. |